Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

11571/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0076 (NLE)**

CLIMA 381
ENV 771
ENER 379
IND 303
COMPET 627
MI 593
ECOFIN 756
TRANS 509
AELE 35
CH 12

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh[1] ('an Comhaontú') an 23 Samhain 2017 i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/2240 ón gComhairle[2].

(2) Tugadh an Comhaontú i gcrích le Cinneadh (AE) 2018/219 ón gComhairle[3] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020.

(3) De bhun Airteagal 12(3) den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste cinntí a ghlacadh a bheidh ina gceangal ar na Páirtithe, ar theacht i bhfeidhm do na cinntí sin.

(4) Foráiltear le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú go bhféadfaidh an Comhchoiste na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

(5) Is iomchuí comhoiriúnacht agus comhsheasmhacht a athbhunú idir rialacha dlíthiúla agus cur i bhfeidhm na rialacha sin d'fhonn faisnéis íogair a chosaint, go háirithe chun í a chosaint ar nochtadh neamhúdaraithe nó ar chaillteanas sláine. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na marcálacha íogaireachta a áirithiú mar a leagtar amach in Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú iad, ba cheart na hIarscríbhinní sin a leasú i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú.

---

1 IO L 322, 7.12.2017, lch. 3.

2 Cinneadh (AE) 2017/2240 ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh (IO L 322, 7.12.2017, lch. 1).

3 Cinneadh (AE) 2018/219 ón gComhairle an 23 Eanáir 2018 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh (IO L 43, 16.2.2018, lch. 1).

(6) Le linn an cúigiú cruinniú a bheidh aige, nó níos luaithe tríd an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Comhchoiste[1], tá an Comhchoiste chun Cinneadh maidir le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú, ós rud é go mbeidh na hIarscríbhinní leasuithe ina gceangal ar an Aontas.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh Uimh. 1/2019 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gCórais Trádála Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a nascadh an 25 Eanáir 2019 maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta agus Cinneadh (AE) 2018/1279 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2018 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh maidir lena Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh (IO L 239, 24.9.2018, lch. 8).

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an cúigiú cruinniú den Chomhchoiste, nó níos luaithe tríd an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*